C/2025/5117

19.9.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5117)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Cabrales'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0081-AM04 — 25.6.2025

1. **Ainm an táirge**

'Cabrales'

2. **Cineál an Táisc Gheografaigh**

☐ TGFC

☑ ATFC

☐ TG

3. Tionsclaíocht

☑ Táirge talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

Ard-Stiúrthóireacht na Forbartha Tuaithe agus an Agraibhia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Maidir leis na leasuithe a dtugtar tuairisc orthu agus údar leo thíos, níl i gceist leo athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná ar úsáid an ainm sin. Níl athruithe ar thionscnamh, ar mhodh ná ar shaintréithe i gceist leo atá inchurtha i leith an tionscnaimh agus, dá bhrí sin, níl riosca ag baint leo go ndéanfaí an nasc a neamhbhailíochtú ná níl aon srian nua ar chur ar an margadh i gceist leo ós rud é, cé go bhfuil sé i gceist le ceann de na leasuithe sin go n-áireofaí, mar rogha mhalartach, cineál ábhar eile níos daingne chun ceann de na formáidí táirge nua a chuirtear ar fáil a phacáistiú, go gcumhdaítear pacáistiú agus lipéadú an táirge deiridh ag déirithe cáise sa limistéar geografach cheana féin leis na doiciméid atá ann faoi láthair.

Dá bhrí sin, is 'leasuithe caighdeánacha' laistigh de bhrí Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Pacáistiú a athrú

Tuairisc

Déanann an leasú seo difear do Roinn B, 'Tuairisc ar an táirge', agus do Roinn E, 'Modh táirgthe', den tsonraíocht agus, chomh maith leis sin, do Roinn 3.2, 'Tuairisc ar an táirge', agus do Roinn 3.5. 'Rialacha sonracha maidir le pacáistiú' an doiciméid aonair.

3.1. Cur i láthair an táirge.

Moltar dhá chineál cur i láthair táirge nua a ionchorprú (leatha agus codanna), mar a thuairiscítear thíos.

'Féadfar an táirge a chur ar an margadh ina iomláine, ina leatha nó ina gcodanna, ar choinníoll go bhfuil sé pacáistithe agus gur féidir a thionscnamh a shainaithint.'

Scriosadh an tagairt don Rialachán ATFC, atá aisghairthe anois. Sa tagairt sin, luadh cur i láthair agus clúdach (pacáistiú) an táirge agus áiríodh an fhéidearthacht maidir le hábhair eile a úsáid chun an táirge a phacáistiú ina chodanna. Cumhdófar an ghné sin i Roinn E den tsonraíocht leasaithe anois, agus an fhoclaíocht seo a leanas inti:

'Déantar an táirge a phacáistiú i bpáipéar speisialta biaghráid. Mar mhalairt air sin, i gcás codanna, féadfar ábhair eile níos daingne a úsáid chun an táirge a chaomhnú'

Thairis sin, chun soiléireacht a sholáthar i bhfoclaíocht na sonraíochta agus chun mearbhall a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, cuireadh an téacs seo a leanas leis an mír maidir le pacáistiú i Roinn E den tsonraíocht, ar téacs é atá ann cheana féin sa doiciméad aonair atá ann faoi láthair:

'Ní mór an pacáistiú a dhéanamh laistigh den limistéar geografach sainithe ionas go ndéanfar dálaí optamacha áirithe a ráthú le haghaidh cháilíocht an táirge. Ligeann sé sin do na cáiseoirí féin barántúlacht an táirge a choimirciú agus fágann sé go mbíonn sé níos éasca seiceálacha inrianaitheachta a dhéanamh.'

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

Teideal

Athrú ar an modh táirgthe

Tuairisc

Déanann an leasú sin difear do Roinn B) 'Tuairisc ar an táirge', D). b) 4. 'Cruthúnas gur de thionscnamh an limistéir an táirge' agus E) 'Modh táirgthe' den tsonraíocht, agus Roinn 3.2 den doiciméad aonair.

3.2. Modh táirgthe

Leasaíodh foclaíocht na gcéimeanna a bhaineann le 'sailleadh', 'dímhúnlú' agus 'aibiú'.

An téacs seo a leanas:

'Saillteart na cáiseanna ansin: spréitear salann tirim ar an dromchla uachtair agus fágtar iad ar feadh 12 uair an chloig, ina dhiaidh sin déantar iad a iompú agus a shailleadh ar an taobh eile, fágtar iad ar feadh 12 uair an chloig eile, agus déantar iad a dímhúnlú ansin.

Tar éis iad a aerú ar feadh thart ar 15 lá, tugtar chuig na huaimheanna nádúrtha iad lena n-aibiú.'

cuireadh an méid seo a leanas ina ionad:

'Saillteart na cáiseanna ansin: spréitear salann tirim ar an dromchla uachtair agus fágtar iad ar feadh 12 uair an chloig ar a laghad, ina dhiaidh sin déantar iad a iompú agus a shailleadh ar an taobh eile, fágtar iad ar feadh 12 uair an chloig eile ar a laghad.

Is féidir na cáiseanna a dímhúnlú le linn an tsaillte nó ina dhiaidh.

Tar éis iad a aerú ar feadh thart ar 15 lá, tugtar chuig na huaimheanna nádúrtha iad don aibiú deiridh.'

Agus, maidir leis an bhfoclaíocht seo a leanas:

'Aibithe ar feadh 2 mhí ar a laghad ó dháta táirgthe an ghrutha.'

'Déantar an próiseas aibithe in uaimheanna cláraithe a ndéanann an Bord Rialála formhaoirseacht orthu.'

cuireadh an méid seo a leanas ina hionad:

'Aibithe, in uaimheanna den chuid is mó, ar feadh 2 mhí ar a laghad tar éis dháta táirgthe an ghrutha.'

'Cuirtear bailchríoch ar an bpróiseas aibithe in uaimheanna cláraithe a ndéanann an Bord Rialála formhaoirseacht orthu.'

☑ Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha táirgí talmhaíochta

'Cabrales'

Uimhir thagartha AE: PDO-ES-0081-AM04 — 25.6.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Cabrales'

2. **Cineál an Táisc Gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Spáinn

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0406 – Cáis agus gruth

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Cáis ghormfhéitheach a dhéantar as bainne bó amh, bainne caorach nó bainne gabhair nó meascán de dhá chineál nó gach ceann de na trí chineál bainne – nach mór a bheith iomlán i gcónaí – lena mbaineann comhdhéanamh cothrom i dtéarmaí saillte agus próitéiní de.

Aibítear an chás, in uaimheanna de chuid is mó, ar feadh 2 mhí ar a laghad ó tháirgeadh an ghrutha.

Saintréithe na gcáiseanna aibithe:

Cruth: cruth sorcóireach ar a mbíonn taobhanna réidhe,

airde: idir 7 agus 15 cheintiméadar.

Meáchan agus trastomhas: inathraithe. Ní ceadmhach an trastomhas a bheith níos lú ná airde na cáise go deo.

Craiceann: bog, tanaí, uachtarúil, ar a mbíonn dath liath – cróchdhonn a bhféadfadh codanna de a bheith scothdhearg buí.

Leafaos: Raimhre uachtarúil, cé go mbíonn leibhéal éagsúil slaodachta i gceist, ag brath ar leibhéal coipthe na cáise. Dlúth, agus gan súile. Bán i gcodanna, ina mbíonn féitheacha glasghorma. Blas beagáinín géar, a bhíonn níos láidre i gcáiseanna a dhéantar as bainne íon caorach nó gabhair nó meascán den dá chineál cáise sin.

Saill: nach lú ná 45 % in ábhar tirim.

Cion íosta taise 30 %

Féadfar an táirge a chur i láthair lena dhíol ina iomláine nó ina leatha nó ina gcodanna.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Cothaítear an beostoc de réir cleachtais thraidisiúnta, ag baint úsáid dhíreach as na féaraigh agus ag cur leis sin le farae.

Bainne bó, bainne caorach nó bainne gabhair amh ó fheirmeacha beostoic atá suite sa limistéar geografach sainithe. Binid de bhunadh eisiach ainmhíoch.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór táirgeadh an bhainne agus próiseáil agus aibiú na cáise a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil, etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar an táirge a phacáistiú i bpáipéar speisialta biaghrád. Mar mhalairt air sin, i gcás codanna, féadfar ábhair eile atá níos frithsheasmhaí a úsáid chun an táirge a chaomhnú.

Ní mór an pacáistiú a dhéanamh laistigh den limistéar geografach sainithe ionas go ndéanfar dálaí optamacha áirithe a ráthú le haghaidh cháilíocht an táirge. Fágann sé sin go ligtear do na cáiseoirí iad féin barántúlacht an táirge a choimirciú, agus fágann sé gur fusa seiceálacha inrianaitheachta a dhéanamh.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na focail 'Denominación de Origen Protegida Cabrales' a bheith ar na lipéid tráchtála a bhíonn ar na cáiseanna, chomh maith le lógó an Aontais Eorpaigh le haghaidh Ainmiúcháin Tionscnaimh faoi Chosaint.

Ní mór lipéad tánaisteach a bheith ar na cáiseanna freisin, agus a sraithuimhir féin ag gach ceann díobh, arna chódú de réir fhormáid na cáise atá á deimhniú aige. Ní mór don chomhlacht cigireachta na lipéid thánaisteacha sin a fhormheas, a sheiceáil agus a sholáthar ar bhealach nach féidir iad a athúsáid.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Is éard atá i limistéar táirgeachta an bhainne atá oiriúnach chun cáis 'Cabrales' a dhéanamh sráidbhailte Arangas, Arenas, Asiego, Berodia, Bulnes, Camarmeña, Canales, Carreña, Escobar, Inguanzo, La Molina, La Salce, Ortiguero, Pandiello, Puertas, Poo, Sotres agus Tielve i mbardas Cabrales, agus Oceño, Cáraves agus Rozagas i mbardas Peñamellera Alta, a dtagann gach ceann díobh faoi limistéir Picos de Europa i gCúige Asturias.

Déantar an cháis agus déantar í a aibiú sa limistéar táirgeachta freisin.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

Saintréith shonrach an táirge

Is iad tréithe orgánaileipteacha (craiceann agus tathag) cháis Cabrales is cúis lena sainiúlacht, rud a fhágann gur cáis ar leith í i ndáil le cáiseanna eile.

Sainiúlacht an limistéir

Léirítear an méid sin sna tosca nádúrtha agus daonna seo a leanas:

1 - Tosca nádúrtha

Is éard atá sna Picos de Europa, atá suite in oirdheisceart chúige Asturias agus a shíneann beagán isteach in León agus Cantabria, masaífeanna sléibhtiúla, a éiríonn ó fhánaí thuaidh na Sléibhte Cantabracha, agus féaraigh ollmhóra suite ag airde os cionn 800 méadar.

2 - Tosca daonna

Mar gheall ar iargúltacht na nglún áitritheoirí sa limistéar sin, tá a ngeilleagar bunaithe ar úsáid agus saothrú críochnúil na n-acmhainní nádúrtha.

Ar an gcéad dul síos, bhí acmhainní na lonnaíochtaí daonna atá suite sna Picos de Europa bunaithe go traidisiúnta ar úsáid féarach i rith an tsamhraidh chun raon beostoic a bheathú, arbh as na sráidbhailte ar theorainneacha na Picos dóibh den chuid is mó. Le linn an tsamhraidh, bíonn na hainmhithe saor chun fánaíocht a dhéanamh ar fhéaraigh 'peña'(an t-ainm a thug cónaitheoirí áitiúla ar na Picos de Europa), féaraigh a bhfuil sé deacair rochtain a fháil orthu. Tá a loca féin ag gach sráidbhaile beag, a ndéantar feirmeoireacht air ar bhonn comhchoiteann, ach is éard atá ann tréada éagsúla, gach ceann díobh faoi úinéireacht cónaitheoir éagsúil. Sa samhradh, aistrítear iad chuig roinnt cónaitheoirí atá freagrach as cúram agus bainistíocht a dhéanamh ar an mbeostoc, agus fanann na cinn eile sa sráidbhaile agus díríonn siad ar an mbuaint agus ar dhéanamh féir thirim.

Ar an dara dul síos, a bhuíochas do shaineolas sonrach na dtáirgeoirí áitiúla agus ós rud é gur fhág deacrachtaí cumarsáide go raibh na pointí tomhaltais i bhfad i gcéin, rinne na tréadaithe féin cáis as an mbainne.

Nasc cúisíoch idir cineál sonrach an limistéir agus an táirgthe agus saintréithe an táirge

(a) Uaimheanna aibithe

Tá uaimheanna agus pluaiseanna de mhéideanna agus de shaintréithe éagsúla ann mar gheall ar fhoirmíochtaí carstacha agus an dinimic aisteach idir aer agus uisce a fhaightear i mais aolchloiche na Picos de Europa, atá ar cheann de na cinn is fairsinge san Eoraip.

Bíonn na huaimheanna le haghaidh aibiú gar don loca nó do theach an tréadaithe uaireanta, ach tá an tromlach i bhfad i gcéin, agus bíonn sé deacair rochtain a fháil orthu feadh na gcosán sléibhe lúbach. Tá siad suite ar airde idir 800 agus 1 200 méadar, agus meastar gur fearr na huaimheanna atá suite ag na hairdí níos airde.

Is mar a leanas atá na coinníollacha nach mór d'uaimh a chomhlíonadh chun bheith oiriúnach chun 'Cabrales' a aibiú: ní mór di a bheith domhain, agus béal a bhfuil a aghaidh ó thuaidh a bheith aici; ní mór ar a laghad dhá bhéal a bheith ag an uaimh (ceann amháin le haghaidh rochtana agus ceann eile le haghaidh aerála) chun sruth aeir a chruthú laistigh, ar a dtugtar 'soplado'; agus ní mór uisce reatha a bheith inti. Fágann sé sin go mbogann an t-aer san uaimh beagán agus go mbíonn an bhogthaise inti an-ard (os cionn 90 %), fad a gcoinnítear an teocht inti idir 6 °C agus 10 °C.

Sna dálaí sin, bíon cumhdach múscáin ar na ballaí, *Penicillium roqueforti* go príomha, agus scaoileann na sruthanna aeir nó na 'soplados' a spóir a thiteann ar an gcáis, a phéacann agus a scaiptear trí chorp na cáise.

Chun na cáiseanna a aibiú go leordhóthanach, ní mór iad a choinneáil san uaimh ar feadh idir 2 agus 5 mhí ar sheilfeanna adhmaid ('talhjaameras'). Le linn an ama sin déantar iad a iompú agus a ghlanadh go tréimhsiúil.

Tar éis an phróisis aibithe, ba ghnách na cáiseanna a bheith clúdaithe i nduilleoga maiple *Acer pseudoplatanus* chun go mbeadh sé níos éasca iad a láimhseáil nuair a chuirtí ar díol iad. Sa lá atá inniu ann, maidir le cáiseanna atá cumhdaithe ag an ainmniúchán tionscnaimh, úsáidtear páipéir beartán bia agus duilleoga priontáilte air in ionad an chleachtais sin.

(b) Clú

Tá cuntais ann a dhearbhaíonn clú cáise ‘Cabrales’. Mar shampla, i scríbhinní Jovellanos (18ú haois), *Diccionario Geográfico* Madoz, a foilsíodh go luath sa 19ú haois, agus *Memorias Asturianas* González Solís, deirtear gur cuireadh cáiseanna Cabrales i láthair ag Taispeántas Talmhaíochta Mhaidrid in 1857, in éineacht le táirgí eile de chuid Asturias.

In 1911, ina dtuarascáil ar fheirmeoireacht déiríochta in Santander, chuir na dearthóireacha Alvarado tús lena dturas sa réigiún Cabrales, ag dreapadh na Picos de Europa le go bhfeicidís féin uaimheanna na dtréadaithe a dhéanann an cháis cháiliúil ‘Cabrales’.

Tagairt leictreonach (url) d’fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://run.gob.es/wzoCabralN25